An Roinn Oideachais agus Scileanna

# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

# An Clár Ábhar


Leathanach 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 4 **Réasúnaíocht**

Leathanach 5 **Aidhm**

Leathanach 6 **Forbhreathnú: Naisc**

Ráitis foghlama
Príomhscileanna

Leathanach 10 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Leanúnachas agus Forchéimniú

Leathanach 14 **Ionchais maidir le scoláirí**

Torthaí Foghlama

Leathanach 19 **Measúnú agus Tuairisciú**

Leathanach 27 **Aguisín A**

Gluais Téarmaí Eacnamaíochta Baile

Leathanach 29 **Aguisín B**

Gluais de bhriathra gnímh

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa sraith sóisearach déanann an scoláire nasc níos fear leis an bhfoghlaim mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Is é fócas lárnach na hEacnamaíochta Baile mar réimse staidéir ná maireachtáil barr feabhais, fholláin agus inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí. Bíonn ar dhaoine aonair agus theaghlaigh sa tsochaí aghaidh a thabhairt i gcónaí ar ábhair imní nua a thagann chun cinn a fhéadann dul i gcion ar a bhfolláine. I measc na n-ábhar imní sin, tá bia, cothú, aiste bia agus sláinte; ábhair imní maidir le cúrsaí teaghlaigh agus sóisialta; saincheisteanna tomhaltóra; inbhuanaitheacht sa bhaile; bainistíocht inbhuanaithe agus fhreagrach acmhainní teaghlaigh; agus teicstílí agus éadaí.

Cuirtear béim lárnach in Eacnamaíocht Bhaile ar dhul i ngleic leis na fadhbanna praiticiúla, fadhbanna an ghnáthshaoil, agus dáiríre a bhíonn ag teaghlaigh agus ag an sochaí agus é sin a dhéanamh ar bhealaí atá freagrach ar bhonn sóisialta. Is ábhair imní iad na fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh agus teastaíonn scileanna cinnteoireachta criticiúla chun iad a réiteach. Baintear leas as cur chuige córasach san oideachas Eacnamaíocht Bhaile ionas go mbeidh daoine aonair agus teaghlaigh ábalta aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna nó ar an imní sin ina saol féin ó lá go lá. Tarraingíonn Eacnamaíocht Bhaile ar dhisciplíní éagsúla a chomhtháthaíonn na heolaíochtaí sóisialta, fisiciúla agus daonna. Déantar iarracht fadhbanna an tsaoil laethúil a réiteach le meascán d'fhaisnéis agus de scileanna a fhaightear ó réimse disciplíní. San oideachas in Eacnamaíocht Bhaile, déantar forbairt ar scileanna saoil ríthábhachtacha agus ar neamhspleáchas pearsanta an scoláire. Cabhraíonn sé le forbairt scoláirí atá ina smaointeoirí criticiúla, cruthaitheacha agus spreagann sé an scoláire le bheith go maith ag réiteach fadhbanna agus cinntí a dhéanamh atá freagrach go heiticiúil agus go sóisialta.

# Aidhm

Is é an aidhm atá i gceist in Eacnamaíocht Bhaile ná eolas, meonta, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt chun maireachtáil barr feabhais, fholláin agus inbhuanaithe a bhaint amach do gach duine mar dhuine aonair, agus mar bhall de theaghlaigh agus den tsochaí. Déanann an scoláire forbairt ar scileanna praiticiúla an scoláire maidir le hinniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte agus cinntí eolasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu ar a shláinte agus a fholláine mar dhuine aonair agus laistigh dá shochaí chomh maith. Cothaíonn Eacnamaíocht Bhaile acmhainneacht, nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus inniúlacht an scoláire mar thomhaltóir. Forbraíonn sé scileanna dearaidh agus teicstílí cruthaitheacha an scoláire. Déanann Eacnamaíocht Bhaile forbairt ar scoláire atá meabhrach ar an gcomhshaol agus atá dírithe ar shaol inbhuanaithe freagrach a chaitheamh.

# Forbhreathnú: Naisc

Tacaíonn Eacnamaíocht Bhaile le réimse leathan cuspóirí foghlama sa tsraith shóisearach. Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil Eacnamaíocht Bhaile na sraithe sóisearaí nasctha le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

**Tábla 1: Naisc idir Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí agus na Ráitis Foghlama**

**RÁITIS FOGHLAMA**

| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 13: Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh. | Déanfaidh an scoláire forbairt ar a chuid scileanna i dtuiscint ar bhia agus sláinte ionas gur féidir leis roghanna sláintiúla maireachtála a dhéanamh dó féin mar dhuine aonair agus ina theaghlach agus a shochaí chomh maith. |
| RF 10: Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe. | Forbróidh an scoláire a chuid scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil agus cinnteoireacht ionas go mbeidh stíl mhaireachtála inbhuanaithe agus fhreagrach aige. |
| RF 14: Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé scileanna maithe tomhaltacha. | Forbróidh an scoláire a chuid scileanna mar thomhaltóir géarchúiseach agus léireoidh sé inniúlacht mar thomhaltóir agus é ag láimhseáil acmhainní airgeadais sa teaghlach. |
| RF 9: Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi. | Déanfaidh an scoláire machnamh agus anailís ar thionchair táirgí agus próiseas sa teach ar dhaoine, ar an tsochaí agus ar thimpeallachtaí. |
| RF 11: Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas dhaoine eile a chosaint agus a chothú. | Déanfaidh an scoláire cinntí eolasacha a mbeidh tionchar acu ar a shláinte, a fholláine agus sábháilteacht daoine eile. |
| RF 22: Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé nuálach agus forbraíonn sé scileanna fiontraíochta. | Forbróidh an scoláire a chuid scileanna fiontraíochta agus é ag iarraidh féachaint as an nua ar dhúshláin agus dheiseanna an tsaoil. |
| RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Cuirfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm i réimsí na dteicstílí agus an bhia chun smaoineamh a réadú. |

## PRÍOMHSCILEANNA

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainaithnítear sna samplaí thíos cuid de na gnéithe atá bainteach le gníomhaíochtaí foghlama in Eacnamaíocht Bhaile. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga. Leagtar amach na hocht bpríomhscil go mion i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí.

Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil:

- A bheith cruthaitheach
- A bheith liteartha
- A bheith uimheartha
- Cumarsáid
- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Mé féin a bhainistiú
- Fanacht folláin
- Obair le daoine eile.

### Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí




**Tábla 2: Naisc idir Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí agus Príomhscileanna**

| An phríomhscil | Gné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Roghanna a fhiosrú<br>Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú | Cuireann an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm agus mír teicstíle a dhéanamh don duine aonair nó don teach. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas | Léiríonn an scoláire tábhacht na cumarsáide éifeachtaí trí ghearán a dhéanamh faoi fhadhb tomhaltóra trí mheán litreach/ríomhphoist |
| A bheith uimheartha | Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchadh, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna<br>Meastachán, tuar agus ríomh | Cuireann an scoláire a chuid scileanna uimhriúla i bhfeidhm agus buiséad á dhéanamh; oidis a athrú i gcomhair líon difriúil daoine laistigh de bhuiséad; agus comhábhair a mheá agus a thomhas; seomraí a phleanáil; agus fabraicí a thomhas. |
| Cumarsáid | Plé agus díospóireacht | Déanann an scoláire plé ar chaidreamh teaghlaigh agus an ról ata ag cumarsáid chun caidrimh a neartú. |
| | Uimhreacha a úsáid | Déanann an scoláire suirbhé ag am lóin faoi bheith ag ól deochanna atá milsithe ag siúcra i measc sampla de scoláirí na scoile. Ceapann an scoláire feachtas póstaeir ina dtaispeántar na torthaí agus ina ndéantar teachtaireacht faoi bhia sláintiúil a chur chun cinn. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil. TFC agus meáin dhigiteacha a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt | Oibríonn scoláirí as lámha a chéile chun biachlár sláintiúil cothrom a cheapadh le haghaidh aon lán amháin, agus úsáid á baint acu as teicneolaíocht. |
| Mé féin a bhainistiú | Cinntí ciallmhara a dhéanamh | Oibreoidh an scoláire ar chás-staidéar ar earra teicneolaíochta a cheannach dá úsáid féin agus úsáid á bhaint aige as scileanna i dtuiscint airgeadais chun na hacmhainní atá ar fáil aige, riachtanas agus mianta a mheas. |
| Fanacht folláin | A bheith folláin agus gníomhach go fisiciúil | Oibreoidh scoláirí as lámha a chéile chun riachtanais chothaitheach do chéim áirithe den saolré a fhiosrú. |
| | A bheith muiníneach | Glacfaidh an scoláire páirt i bpiarmheasúnú ar bhéilí agus déanfar ar bhealach dearfach agus cuiditheach é. |
| | A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | Déanann an scoláire measúnú ar earraí teicstíle gach duine eile go dearfach. |
| Obair le daoine eile | Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan | Tabharfaidh an scoláire comhairle ar nósanna inbhuanaithe ó lá go lá is féidir a chur i bhfeidhm sa bhaile, m.sh. cén chaoi cur amú bia a sheachaint. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Sa tsonraíocht do chúrsa Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, dírítear ar thuiscint agus scileanna an scoláire a fhorbairt chun saol barr feabhais, folláin agus inbhuanaithe a bhaint amach trí mheán trí shnáithe comhthéacsúla nasctha: Bia, Sláinte agus Scileanna Cistineacha; Saol Teaghlaigh Freagrach; agus Teicstílí agus Ceardaíocht. Baineann Eacnamaíocht Bhaile úsáid as cur chuige trasdisciplíneach a chuireann nascadh na dtrí snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair. Dearadh í d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Fíor 2: Snáitheanna Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí




## Snáithe 1: Bia, sláinte agus scileanna cistineacha

Díríonn an snáithe seo ar scileanna bia, sláinte agus cistineacha an scoláire a fhorbairt. Cuirtear ar chumas an scoláire dearcadh sláintiúil agus caidreamh dearfach a fhorbairt le bia trí fhoghlaim phraiticiúil a thagann óna thaithí. Cuireann sé a thuiscint ar phrionsabail chothaithe, aiste bia agus sláinte i bhfeidhm chun stíl mhaireachtála shláintiúil a ghlacadh agus cinntí eolasacha a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar a shláinte agus a fholláine féin agus ar shláinte agus ar fholláine a theaghlaigh chomh maith. Tá cur i bhfeidhm scileanna praiticiúla maidir le tuiscint ar bhia agus sláinte ag croílár an tsnáithe seo agus cuimsítear ann pleanáil biachláir; siopadóireacht; cócaireacht; scileanna sábháilteachta agus sláinte bia; srianadh sciar; lipéid bhia a léamh; anailís cothaithe; costáil; anailís céadfach agus dramhaíl bhia.

## Snáithe 2: Saol teaghlaigh freagrach

Sa snáithe seo éascaítear an scoláire chun saol teaghlaigh freagrach a fhiosrú, ó thaobh córas de. Tagann an scoláire ar thuiscint ar fhoirmeacha éagsúla teaghlaigh agus ar ról an teaghlaigh mar an príomhaonad sóisialta. Tagann sé ar thuiscint ar ról an teaghlaigh i bhforbairt an pháiste i dtimpeallacht shábháilte chothaitheach. Forbraíonn an scoláire scileanna saoil a chuireann ar a chumas acmhainní a bhainistiú go freagrach agus go hinbhuanaithe sa bhaile agus sa phobal. Éascaítear é chun bheith ina thomhaltóir géarchúiseach cumasach atá in ann scileanna éifeachtacha cinnteoireachta a chur i bhfeidhm sa saol laethúil sa bhaile agus sa phobal. Ag croílár an tsnáithe seo, cuirtear ar chumas an scoláire a bheith freagrach agus dearcadh báúil a ghlacadh i dtreo daoine eile, ball den teaghlach, i dtreo na sochaí agus an chomhshaoil.

## Snáithe 3: Teicstílí agus ceardaíocht


Díríonn an snáithe seo ar scileanna an scoláire maidir le teicstílí a fhorbairt, ar chruthaitheacht agus ar eolas an scoláire. Tá scileanna praiticiúla teicstíle agus ceardaíochta ag croílár an tsnáithe seo agus cuimsítear leo scileanna fuála innill agus láimhe agus teicnící maidir le huigeacht ábhair a úsáid agus a mhaisiú. Is féidir leis an scoláire cinntí inbhuanaithe a dhéanamh mar thomhaltóir maidir le rogha agus cothú éadaí agus teicstílí. Cuirfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm trí mhír teicstíle a dhearadh agus a dhéanamh don duine aonair nó don teach.

## Gnéithe

Cé go leagtar amach na torthaí foghlama a bhaineann le gach snáithe astu féin anseo, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n-aonar. Cuirfear barr feabhais ar rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithí iomlán chomhtháite san Eacnamaíocht Bhaile. Chun tuilleadh béime a chur ar nádúr comhtháite fhoghlaim na hEacnamaíochta Baile, cuirtear torthaí gach ceann de na snáitheanna i ngrúpaí de réir ceithre ghné (Fíor 3):

- Cumhachtú an Duine Aonair agus an Teaghlaigh
- Sláinte agus Folláine
- Maireachtáil Fhreagrach agus Inbhuanaithe
- Inniúlacht Tomhaltóirí.

Fíor 3: Gnéithe na snáitheanna comhthéacsúla a léiríonn nádúr comhtháite Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí




## Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh

Trasna na snáitheanna, díríonn na torthaí foghlama ar chur chuige bunaithe ar chórais i dtreo chumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh. Forbraíonn an scoláire scileanna praiticiúla ar féidir iad a chur in oiriúint chun déileáil le fadhbanna nó ábhair imní phraiticiúla, fíorshaoil, rialta sa saol laethúil sa bhaile nó sa tsochaí. Éascaítear é chun bheith ina smaointeoir criticiúil, cruthaitheach agus bheith go maith ag réiteach fadhbanna agus cinntí eolasacha á ndéanamh aige chun saol barr feabhais, sláintiúil agus inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí.

## Sláinte agus folláine

Sa ghné seo dírítear ar eolas, scileanna agus tuiscint an scoláire a fhorbairt ionas go ndéanfaidh sé cinntí eolasacha a mbeidh tionchar dearfach acu ar a shláinte agus a fholláine féin mar dhuine aonair agus ar shláinte agus fholláine a theaghlaigh. Thar na trí shnáithe go léir éascaítear an scoláire, agus úsáid á bhaint as cur chuige bunaithe ar chórais, chun déileáil le hábhair imní nua a thagann chun cinn agus a fhéadann dul i bhfeidhm ar fholláine daoine aonair, teaghlach agus na sochaí.

## Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe

Thar na trí shnáithe, éascaíonn na torthaí foghlama sa ghné seo an scoláire chun bheith ina smaointeoir a dhíríonn ar an todhchaí agus ina saoránach atá báúil don chomhshaol, agus iad geallta chun maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach a bhaint amach. Mar bhonn taca ag na torthaí foghlama sa ghné seo thar na trí shnáithe, déantar forbairt ar éifeachtúlacht an scoláire féin, ar a mhachnamh criticiúil, agus ar a thuiscint maidir le roghnú agus úsáid acmhainní sa bhaile; athrú teicneolaíoch; saincheisteanna comhshaoil agus an tionchar a bhíonn acu sin ar bhainistíocht acmhainní sa bhaile agus ar thomhaltas pearsanta sa saol ó lá go lá.

## Inniúlacht tomhaltóirí

Sa ghné seo dírítear ar scoláire a fhorbairt a bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint aige chun roghanna eolasacha agus géarchúiseacha a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh i sochaí an lae inniu. Déanann an scoláire forbairt ar scileanna ríthábhachtacha chun a bheith ina thomhaltóir gníomhach, solúbtha, inniúil atá in ann scileanna éifeachtacha cinnteoireachta a chur i bhfeidhm sa saol laethúil.

Díríonn gach gné ar spriocanna an phróisis foghlama, is é sin, ar shealbhú eolais, scileanna agus luachanna nua. De réir mar a théann an scoláire chun cinn trí na snáitheanna uile, tiocfaidh forbairt chórasach ar a chuid eolais bhunúsaigh, ar a phrionsabail agus ar a luachanna agus ar na príomhscileanna.

## Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

### CURACLAM NA BUNSCOILE

Cé nach ábhar neamhspleách é Eacnamaíocht Bhaile laistigh de churaclam na bunscoile, trína cuid snáitheanna, gnéithe agus torthaí, is féidir le hEacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí forbairt a dhéanamh ar fhoghlaim ábhartha a tharla cheana ag leibhéal na bunscoile. Tá sé mar aidhm ag an gcuraclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte sa bhunscoil forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an pháiste a chothú agus é a spreagadh chun bheith ina shaoránach gníomhach agus freagrach sa tsochaí. I réimse curaclaim an Oideachais Shóisialta, Comhshaoil agus Eolaíoch (OSCE), éascaítear an scoláire chun teacht ar thuiscint ar na gnéithe nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha sa domhan timpeall air. Is é aidhm OSCE scoláire a fhorbairt atá ina bhall eolasach agus báúil den phobal. Pléitear leis an gcineál sin feasachta, dearcthaí, eolais agus scileanna i staidéar na hEacnamaíochta Baile sa tsraith shóisearach.

### AN TSRAITH SHINSEARACH

In Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, cuirfear naisc láidre ar fáil le hEacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta agus an scoláire ag tógáil ar a chuid eolais agus scileanna praiticiúla maidir le staidéar bia, bainistíocht acmhainní, staidéar tomhaltais agus staidéar sóisialta ón tsraith shóisearach. Má roghnaíonn an scoláire teicstílí, faisean agus dearadh, mar an á bhar roghnach roghnach don Ardteistiméireacht, cuirfidh sé le scileanna praiticiúla teicstíle a forbraíodh le linn na sraithe sóisearaí. Feictear gnéithe den Eacnamaíocht Bhaile in go leor scoileanna mar chuid de chlár Idirbhliana. I measc na ngnéithe agus na ngníomhaíochtaí bainteacha sin tá modúil ar scileanna praiticiúla bia agus chothú; gnó bia; mionchuideachta; fiontair shóisialta; cúram leanaí; dearadh agus ceardaíocht; dearadh faisin; dearadh intí; agus comórtais chócaireachta agus teicstíle. Anuas air sin, ullmhaíonn Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach an scoláire a roghnóidh na hábhair Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht agus Cúram Leanaí/Cúram Pobail don Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma *é ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair:

- Thar barr ar fad
- Os cionn na n-ionchas
- Atá ag teacht leis na hionchais.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire san Eacnamaíocht Bhaile go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Cuirtear Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le caighdeáin dhifriúla oibre i measc scoláirí.

## Snáithe 1: Bia, sláinte agus scileanna cistineacha

**Forbhreathnú gairid ar an snáithe**

Díríonn an snáithe seo ar scileanna bia, sláinte agus cistineacha an scoláire a fhorbairt. Cuirtear ar chumas an scoláire dearcadh sláintiúil agus caidreamh dearfach a fhorbairt le bia trí fhoghlaim phraiticiúil ó thaithí. Cuireann sé a thuiscint ar phrionsabail chothaithe, aiste bia agus sláinte i bhfeidhm chun stíl mhaireachtála shláintiúil a ghlacadh agus cinntí eolasacha a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar a shláinte agus a fholláine féin agus ar shláinte agus ar fholláine a theaghlaigh chomh maith. Tá cur i bhfeidhm scileanna praiticiúla maidir le tuiscint ar bhia agus sláinte ag croílár an tsnáithe seo agus cuimsítear ann pleanáil biachláir; siopadóireacht; cócaireacht; scileanna sábháilteachta agus sláinte bia; srianadh sciar; lipéid bhia a léamh; anailís cothaithe; costáil; agus dramhaíl bhia etc.

**Gnéithe: Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.1 na fachtóirí a sainaithin a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia pearsanta

1.2 béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair agus don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil agus a mheasúnú

1.3 raon de phrionsabail agus teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach agus cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith

1.4 scileanna cistineacha agus cruthaitheacha a thaispeáint maidir le hullmhú, cócaireacht agus cur i láthair bia

1.5 cleachtais shábháilte agus shláinteacha a chur i bhfeidhm maidir le láimhseáil, ullmhú, stóráil agus riar bia

1.6 úsáid a bhaint as cur chuige foghlama bunaithe ar fhadhbanna, eolas cothaitheach i gcuir I bhfeidhm chun bia a phleanáil agus a ullmhú don teaghlach

1.7 úsáid a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil maidir le pleanáil agus ullmhú bia

**Gnéithe: Sláinte agus folláine**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.8 na gnéithe de nós maireachtála sláintiúil a phlé

1.9 an tábhacht a bhaineann le cothú agus aiste bia ó thaobh na sláinte agus na folláine a aithint

1.10 ról na gcothaitheach in aiste bia sláintiúil cothrom a mhíniú

1.11 cur síos a dhéanamh ar struchtúr bunúsach agus ar fheidhmeanna bunúsacha an chóras díleá

1.12 na riachtanais chothaitheacha ag gach céim den saolré a iniúchadh

1.13 béilí a phleanáil agus a ullmhú dóibh siúd a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia orthu

1.14 riachtanais chothaitheacha daoine atá ar aiste bia speisialta a chur i bhfeidhm agus béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú

**Gnéithe: Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.15 tionchar a chuid roghanna bia ó thaobh na héiceolaíochta agus na heitice a iniúchadh

1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i dtreo acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú

**Gnéithe:  Inniúlacht tomhaltóirí**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.17 comparáid a dhéanamh idir bianna a úsáidtear go coitianta in ullmhú bia agus ar an éifeacht a bhíonn acu ar cháilíocht chothaitheach agus chéadfach an táirge

1.18 táirgí bia tráchtála agus baile a mheasúnú

1.19 an t-eolas a fhaightear ar rogha leathan táirgí bia a léirmhíniú agus úsáid á baint as lipéid bhia ar aghaidh agus ar chúl an phacáiste bia

## Snáithe 2: Saol teaghlaigh freagrach

**Forbhreathnú gairid ar an snáithe**

Sa snáithe seo éascaítear an scoláire chun saol teaghlaigh freagrach a fhiosrú, ó thaobh córas de. Tagann an scoláire ar thuiscint ar fhoirmeacha éagsúla teaghlaigh agus ar ról an teaghlaigh mar an príomhaonad sóisialta. Tagann sé ar thuiscint ar ról an teaghlaigh i bhforbairt an pháiste i dtimpeallacht theaghlaigh shábháilte chothaitheach. Forbraíonn an scoláire scileanna saoil a chuireann ar a chumas acmhainní a bhainistiú go freagrach agus go hinbhuanaithe sa bhaile agus sa phobal. Éascaítear é chun bheith ina thomhaltóir géarchúiseach cumasach atá in ann scileanna éifeachtacha cinnteoireachta a chur i bhfeidhm sa saol laethúil sa bhaile agus sa phobal. Ag croílár an tsnáithe seo, cuirtear ar chumas an scoláire a bheith freagrach agus dearcadh báúil a ghlacadh i dtreo daoine eile, ball den teaghlach, i dtreo na sochaí agus an chomhshaoil.

**Gnéithe: Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.1 cineálacha éagsúla teaghlach a phlé

2.2 róil agus freagrachtaí an teaghlaigh a fhiosrú

2.3 caidrimh teaghlaigh a phlé chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le caidrimh a neartú idir daoine aonair agus teaghlaigh

**Gnéithe: Sláinte agus folláine**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.4 na riachtanais timpeallachta baile atá sábháilte agus cothaitheach a phlé

2.5 an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas

2.6 na prionsabail agus treoirlínte dearaidh a chur i bhfeidhm chun seomra a phleanáil agus an taobh istigh de sheomra a dhearadh

**Gnéithe: Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.7 na bealaí a sainaithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach

2.8 cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh

2.9 tionchar na teicneolaíochta ar láimhseáil acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a fhiosrú

**Gnéithe: Inniúlacht tomhaltóirí**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.10 scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a láimhseáil don saol laethúil

2.11 díospóireacht a dhéanamh faoi chearta agus freagrachtaí

2.12 scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tomhaltóirí in Éirinn cosanta ag reachtaíocht, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla

2.13 scileanna i dtuiscint airgeadais a chur i bhfeidhm chun buiséad a ullmhú agus a mheas don mhaireachtáil neamhspleách

## Snáithe 3: Teicstílí agus ceardaíocht

**Forbhreathnú gairid ar an snáithe**
Díríonn an snáithe seo ar scileanna an scoláire maidir le teicstílí a fhorbairt, ar chruthaitheacht agus ar eolas an scoláire. Tá scileanna praiticiúla teicstíle agus ceardaíochta ag croílár an tsnáithe seo agus cuimsítear leo scileanna fuála innill agus láimhe agus teicnící maidir le huigeacht ábhair a úsáid agus a mhaisiú. Is féidir leis an scoláire cinntí inbhuanaithe a dhéanamh mar thomhaltóir maidir le rogha agus cothú éadaí agus teicstílí. Cuirfidh an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm trí mhír teicstíle a dhearadh agus a dhéanamh don duine aonair nó don teach.

*Chun críocha na dtorthaí foghlama agus an mheasúnaithe sa tsonraíocht seo, cuimsíonn an téarma 'mír teicstíle' ceardaíocht bunaithe ar theicstílí do dhuine aonair agus don teach freisin.*

**Gnéithe: Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.1 teicnící bunúsacha fuála láimhe agus innill a thaispeáint

3.2 próiseas agus prionsabail na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle chruthaitheach a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach

3.3 teicnící bunúsacha fuála láimhe agus/nó innill a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach ar bhealach sábháilte agus oiriúnach

3.4 teicnící maisithe fabraice a thaispeáint

**Gnéithe: Sláinte agus folláine**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.5 léirthuiscint a fháil ar ról teiripeach agus fóillíochta na hoibre teicstíle

**Gnéithe: Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.6 bealaí inar féidir míreanna éadaí agus/nó teicstíle sa teach a dheisiú, a athúsáid, a úsáid ar bhealach nua, a athchúrsáil agus a uaschúrsáil a thaispeáint

3.7 nósanna imeachta cúraim teicstíle a úsáidtear sa teach a mheasúnú ó thaobh an chomhshaoil de

3.8 tionchair treochtaí agus roghanna ar theicstílí agus éadaí a phlé, agus cúrsaí eitice agus éiceolaíochta á gcur san áireamh

**Gnéithe:  Inniúlacht tomhaltóirí**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.9 a chuid eolais faoi shiombail cúraim teicstílí a chur i bhfeidhm

# Measúnú agus Tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifeadadh agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), cuireann an Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta ar fáil ar nós:

ábhair foghlama, teagaisc agus tacaíochta measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais.

Áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do PGSS

Cuimseoidh an measúnú ar an Eacnamaíocht Bhaile le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe: Teicstílí Cruthaitheacha agus Treoir maidir le Scileanna Litearthachta Bia; scrúdú ar scileanna praiticiúla bia; agus scrúdú scríofa. Cuirfear na measúnuithe ar fad ar fáil ag leibhéal comónta. Cuimseoidh an dara Measúnú Rangbhunaithe ullmhú don scrúdú scileanna praiticiúla bia.

Marcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an scrúdú scileanna praiticiúla bia agus an scrúdú scríofa.

**Tábla 3: Léargas ar Mheasúnú in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí**

| Measúnú | Ualú céatadáin i gcomhair scrúduithe a ndéantar measúnú seachtrach orthu | Modh measúnaithe |
|---|---|---|
| Measúnuithe Rangbhunaithe | | |
| MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1:<br>Teicstílí Cruthaitheacha | | Taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. |
| MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2:<br>Treoir maidir le Scileanna Litearthachta Bia | | Déanfaidh an scoil an measúnú foirmitheach a bhaineann leis an ullmhú don scrúdú scileanna praiticiúla bia a thuairisciú don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir. |
| An Measúnú Deiridh | | |
| Scrúdú scileanna praiticiúla bia | 50% | Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na treoracha gach bliain.<br>Marcáilte ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit i dteannta leis an tacaíocht scríofa riachtanach. |
| Scrúdú scríofa | 50% | Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an páipéar seo a leagan amach agus a mharcáil. |

# Measúnuithe Rangbhunaithe san Eacnamaíocht Bhaile

## RÉASÚNAÍOCHT

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sna measúnuithe sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach ceacht. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

Thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, tabharfar deiseanna don scoláire chun a fhiosracht agus a spéis san Eacnamaíocht Bhaile a spreagadh. Tá nasc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim agus an teagasc san Eacnamaíocht Bhaile. Tá sé i gceist go nglacfaidh an scoláire páirt i dtaithí foghlama phraiticiúil agus bharántúil tríd na Measúnuithe Rangbhunaithe.

Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna seo a leanas don scoláire:

- taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ag baint úsáid as réimse modhanna
- anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhianaise chun breithiúnais luachála agus cinntí eolasacha a dhéanamh
- faisnéis a eagrú agus pleanáil go loighciúil
- cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna
- machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama féin.

Tríd na Measúnuithe Rangbhunaithe sin, forbróidh sé a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus ar an mbealach sin bainfidh sé amach na torthaí foghlama sna snáitheanna trí chéile.

San Eacnamaíocht Bhaile, is é a bheidh i gceist leis an dara Measúnú Rangbhunaithe ná taighde, anailís agus pleanáil a dhéanamh i gcomhair scrúdaithe ar scileanna praiticiúla bia agus déanfaidh an scoil an measúnú foirmitheach a bhaineann leis sin a thuairisciú don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir. Cuirfidh an obair ullmhúcháin sin freisin leis an scrúdú scileanna praiticiúla bia a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: TEICSTÍLÍ CRUTHAITHEACHA

Trí mheán Measúnú Rangbhunaithe ar Theicstílí Cruthaitheacha, beidh an deis ag an scoláire ról praiticiúil agus cruthaitheach a ghlacadh i bpróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Iarrtar orthu próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh/a athchúrsáil don duine aonair nó don teach agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais bhunúsacha an duine, treochtaí tomhaltóra, cúrsaí éiceolaíochta agus an teicneolaíocht. Tríd an Measúnú Rangbhunaithe sin, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus mar sin de bainfidh sé amach na torthaí foghlama ar fud Shnáithe 2 agus 3.

*Chun críocha na dtorthaí foghlama agus an mheasúnaithe sa tsonraíocht seo, cuimsíonn an téarma 'mír teicstíle' ceardaíocht bunaithe ar theicstílí do dhuine aonair agus don teach freisin.*

## MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: TEICSTÍLÍ CRUTHAITHEACHA

Tugtar dhá rogha don scoláire as a roghnóidh sé tionscadal amháin ar Theicstílí Cruthaitheacha:

1. Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

nó

2. Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

### Rogha 1: Déan mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

Cuireann an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh agus prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach

Mar chuid den tionscadal seo, taispeánfaidh an scoláire fianaise orthu seo a leanas:

- próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm
- prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm
- úsáid a bhaint as teicnící bunúsacha fuála láimhe/agus nó fuála innill chun an táirge a dhéanamh
- teicnící maisithe ábhair (más infheidhme)
- cúram agus cothabháil chuí teicstílí

### Rogha 2: Athchúrsáil nó uaschúrsáil mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach

Cuireann an scoláire próiseas na treorach le haghaidh dearadh agus prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta i bhfeidhm chun mír teicstíle a athchúrsáil nó a uaschúrsáil do dhuine aonair nó don teach.

Mar chuid den tionscadal seo, taispeánfaidh an scoláire fianaise orthu seo a leanas:

- próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm
- prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm
- úsáid a bhaint as teicnící bunúsacha fuála láimhe/agus nó fuála innill chun an táirge a dhéanamh
- teicnící maisithe ábhair (más infheidhme)
- cúram agus cothabháil chuí teicstílí

### Fianaise ar fhoghlaim

Chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích go sásúil, cuirfidh an scoláire isteach mír teicstíle agus fianaise ar chur i bhfeidhm phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Tionscadal aonair atá sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo agus cuirfear i gcrích faoi dheireadh bhliain a dó é.

Ansin déanfaidh an múinteoir measúnú air agus úsáid á baint aige as na gnéithe cáilíochta a chuirfear ar fáil i dTreoirlínte Measúnaithe ar leith.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Treoir maidir le Scileanna Litearthachta Bia

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe ar Scileanna Litearthachta Bia, tabharfar an deis don scoláire a chuid scileanna i dtuiscint ar bhia, idir scileanna cistineacha agus cruthaitheacha chomh maith lena chuid eolais faoi chothú a thaispeáint agus é ag déanamh taighde, anailíse agus pleanála i gcomhair treorach maidir le scileanna litearthachta bia don saol laethúil.

Nascfar Measúnú Rangbhunaithe 2 go díreach leis an scrúdú Scileanna Praiticiúla Bia Mar sin, beidh sé bunaithe ar threoir maidir le scileanna litearthachta bia a roghnófar ó liosta roghanna a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil gach bliain Bainfidh an scoláire úsáid as próiseas na treorach le haghaidh dearadh chun a chuid scileanna i dtuiscint ar bhia, idir scileanna cistineacha agus cruthaitheacha chomh maith lena chuid eolais faoi chothú a thaispeáint trí thaighde, anailís agus pleanáil a dhéanamh i gcomhair riachtanais na treorach. D'fhéadadh cuid acu siúd a leanas ó réimsí leathan a bheith sna treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit: béilí teaghlaigh sláintiúla a léiríonn na treoirlínte reatha maidir le bia sláintiúil; riachtanas speisialta cothaithe nó galar a bhaineann le haiste bia; céim áirithe den saolré; lóin scoile sláintiúla; béile sláintiúil a dhéantar sa bhaile seachas béile mearbhia a fhaightear i siopaí; cócaireacht stuama; fiontar bia/táirgí ó mhargadh feirmeoirí; cócaireacht eitneach.

Roghnaíonn an scoláire ceann amháin ón liosta roghanna a chuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil mar an bunús dá MRB, trí úsáid a bhaint as próiseas na treorach le haghaidh dearadh, tagann sé ar smaointe agus réitigh fhéideartha don treoir roghnaithe. Úsáideann an scoláire an t-ábhar ullmhaithe chun plé a dhéanamh ar bhealach oiriúnach ar a chuid smaointe maidir le conas tabhairt faoin scrúdú scileanna praiticiúla bia a bhaineann leis an treoir trí mheán plé lena chuid piaraí.

Mar chuid den MRB, bainfidh an scoláire úsáid as an teicneolaíocht, áit is cuí, sa taighde, san anailís, sa phleanáil agus i gcur i láthair a gcuid torthaí.

### FIANAISE AR FHOGHLAIM

Chun an Measúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích go sásúil, cuirfidh an scoláire breac-chuntas i láthair ar a réiteach beartaithe don treoir don scrúdú scileanna praiticiúla bia. Déanfaidh an múinteoir measúnú ar an MRB agus úsáid á baint aige as na gnéithe cáilíochta a chuirfear ar fáil i dTreoirlínte Measúnaithe ar leith.

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dTreoirlínte Measúnaithe ar leith maidir leis an measúnú ar na Measúnuithe Rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh phíosaí oibre an scoláire, na gnéithe cáilíochta le cur i bhfeidhm i dtaca leis an measúnú, agus tacaíocht maidir le breithiúnas 'ar an iomlán' a dhéanamh agus na gnéithe cáilíochta in úsáid. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM freisin le húsáid agus le tagairt dó i measúnú leanúnach ranga ar Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus samplaí d'obair scoláirí.

### NA GNÉITHE CÁILÍOCHTA

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun píosaí oibre an scoláire a mheas. Cuirfear na gnéithe cáilíochta ar fáil sna Treoirlínte Measúnaithe le haghaidh an dá MRB.

## An scrúdú deiridh

Beidh scrúdú ar scileanna praiticiúla bia agus scrúdú scríofa i gceist sa scrúdú deiridh. Tabharfar 50% de na marcanna a bheidh ar fáil i leith an scrúdaithe phraiticiúil agus an scrúdaithe scríofa araon.

### SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA BIA

Bunaithe ar aiseolas, déanann an scoláire machnamh ar a chuid oibre mar chuid de MRB 2 agus ar an treo a thabharfaidh sé í le haghaidh an scrúdaithe ar scileanna praiticiúla bia.

Don scrúdú ar scileanna praiticiúla bia, beidh ar an scoláire cur i bhfeidhm an eolais faoi chothú agus na scileanna cistineacha praiticiúla a thaispeáint trí cheann de na treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chur i gcrích. Beidh an scrúdú ar scileanna praiticiúla bia ar siúl ar feadh uair an chloig agus tríocha nóiméad agus tríocha nóiméad breise ar fáil mar am ullmhúcháin sula dtosóidh an scrúdú a bhfuil teorainn ama leis. Scrúdú aonair atá ann agus cuirfear i gcrích é faoi dheireadh bhliain a trí.

Bunaithe ar a rogha ó MRB 2, taispeánfaidh an scoláire a chuid scileanna i dtuiscint ar bhia, idir scileanna cistineacha agus cruthaitheacha trí bhéilí nó táirgí sláintiúla agus cothaitheacha a ullmhú, a riar agus a mheasúnú chun riachtanais ceann de na treoracha thuas a chomhlíonadh. D'fhéadfadh cuid acu siúd a leanas ó réimsí leathan a bheith sna treoracha a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit: béilí teaghlaigh sláintiúla a léiríonn na treoirlínte reatha maidir le bia sláintiúil; riachtanas speisialta cothaithe nó galar a bhaineann le haiste bia; céim áirithe den saolré; lóin scoile sláintiúla; béile sláintiúil a dhéantar sa bhaile seachas béile mearbhia a fhaightear i siopaí; cócaireacht stuama; fiontar bia/táirgí ó mhargadh feirmeoirí; cócaireacht eitneach.

Mar chuid den tionscadal seo:

- cuirfidh an scoláire na céimeanna ábhartha de phróiseas na treorach le haghaidh dearadh i bhfeidhm trí mhias a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú
- úsáidfidh sé teicneolaíocht, nuair is cuí, chun ullmhú, cur i bhfeidhm agus measúnú a dhéanamh
- taispeánfaidh sé raon prionsabal agus teicnící cócaireachta
- cuirfidh sé nósanna bainistíochta acmhainní inbhuanaithe i bhfeidhm
- cleachtais shábháilte agus shláinteacha a chur i bhfeidhm maidir le láimhseáil, ullmhú, stóráil agus riar bia
- taispeánfaidh sé scileanna cistineacha agus cruthaitheacha agus an bia á ullmhú, á chócaráil agus á chur chun boird.

## Scrúdú scríofa

Tabharfaidh an scoláire faoi pháipéar scrúdaithe scríofa a mhairfidh uair an chloig go leith agus beidh sé ar siúl ag deireadh na tríú bliana. I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ábhartha ó tháblaí na dtorthaí foghlama. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an scrúdú deiridh a leagan amach agus a mharcáil.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Tá lamháil sa tsonraíocht seo le haghaidh cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín A: Gluais Téarmaí Eacnamaíochta Baile

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhínítear na téarmaí agus a n-úsáidtear iad a thuiscint.

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| Próiseas na treorach le haghaidh dearadh | Úsáidtear treoir oscailte chun breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais taisc áirithe. Bheadh an treoir rialta agus machnamhach go hidéalach agus d'fhéadfadh go mbeadh na céimeanna seo a leanas i gceist: an fhadhb/tasc a shainmhíniú; iniúchadh/taighde; smaointe a ghiniúint; réitigh fhéideartha a fhorbairt; smaointe a chur i láthair daoine eile i gcomhair aiseolais; an dearadh a bheachtú; an táirge a dhéanamh; measúnú. |
| Litearthach bia | Baineann leis an eolas, na scileanna, na dearcaí agus an iompraíocht idirghaolmhar a theastaíonn chun bia a phleanáil, a ullmhú agus a chócaráil. |
| Fadhbanna Praiticiúla Rialta | Is ábhair imní iad na fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh, go háitiúil agus go domhanda, a dteastaíonn gníomh machnamhach agus scileanna cinnteoireachta criticiúla agus léiritheacha chun iad a réiteach. |
| Cur Chuige Bunaithe ar Chórais | I gcur chuige bunaithe ar chórais scrúdaítear idirghaolmhaireacht na gcomhthéacsanna seachas aon staid amháin a scrúdú ann féin. Cuimhnítear ar chomhthéacsanna iolracha a mbíonn tionchar acu ar chastacht an tsaoil agus ar shaol an teaghlaigh san aonú haois is fiche. |
| Scileanna cócaireachta | Is éard atá i gceist le scileanna cócaireachta ná na scileanna agus an t-eolas chun béile/táirge a phleanáil, a ullmhú, a chur i gcrích agus a mheas. |
| Galair a bhaineann le haiste bia | Is ionann galair a bhaineann le haiste bia (nó galair ainsealacha a bhaineann le cothú bia) agus galair a thagann chun cinn mar gheall ar aiste bia nach réitíonn le moltaí cothaithe forleathana. Is samplaí de ghalair ainsealacha iad murtall, diaibéiteas, galar cardashoithíoch, oistéapóróis agus galar fiacla. |
| Riachtanas speisialta cothaithe | Cé nach bhfuil sainmhíniú cinnte ann, d'fhéadfaí a rá gur daoine a bhfuil 'riachtanas speisialta cothaithe' acu iad na daoine a dtugtar comhairle dóibh nó a roghnaíonn gan glacadh le moltaí cothaithe forleathana. D'fhéadfadh sé seo tarlú ar chúiseanna leighis (m.sh. galar céiliach, ailléirgí bia, éadulaingt ar bhia, galar putóige athlastaí) nó ar chúiseanna nach mbaineann le leigheas (m.sh. aistí bia veigeatóracha, cúiseanna reiligiúnacha nó cultúrtha). |

| **Téarma** | **Léirmhíniú** |
|---|---|
| Léirmhíniú | Comhábhair agus earraí bia bunúsacha a mbíonn scoláirí ag teacht orthu go rialta i gcistineacha baile agus ag ullmhú bia. Is iad na bianna seo bloic thógála na cócaireachta laethúla agus áirítear leo:<br>• Gráin agus gránaigh amhail plúr cruithneachta, rís, arán, pasta agus coirce<br>• Bianna próitéine, lena n-áirítear uibheacha, bainne, cáis, feoil, iasc, pónairí agus lintilí<br>• Glasraí agus torthaí a fhaightear go coitianta i dteaghlaigh in Éirinn amhail prátaí, oinniúin, cairéid, trátaí, úlla agus bananaí<br>• Saillte agus olaí a úsáidtear sa chócaireacht amhail im, margairín agus olaí plandúla<br>• Blastanais bhunúsacha lena n-áirítear salann, piobar, luibheanna agus spíosraí coitianta<br>Sa churaclam, cuireann bianna coitianta samplaí inrochtana ar fáil do scoláirí chun cothú a iniúchadh, modhanna cócaireachta a thuiscint, scileanna praiticiúla ullmhúcháin bia a fhorbairt, agus comparáidí díreacha a dhéanamh idir comhábhair chun anailís a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag roghanna éagsúla ar luach cothaitheach agus ar cháilíochtaí céadfacha bianna ullmhaithe araon. |

# Aguisín B: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Léirthuiscint | an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint |
| Meas | saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Déan comparáid | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| Cuir i gcrích | rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil |
| Déan | gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi |
| Meas (cuimhnigh ar...) | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil |
| Cuir le chéile | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh |
| Tiontaigh | athrú go foirm eile |
| Cruthaigh | rud nua a dhéanamh nó a thabhairt chun saoil |
| Déan díospóireacht | cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil |
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Cuir síos | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú |
| Forbair | dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta |
| Ceap | nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Faigh amach | rud a chinntiú nó a dhearbhú go beacht trí thaighde nó trí ríomh |
| Dealaigh | an fáth a bhfuil rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| Idirdhealaigh | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| Measúnaigh (sonraí) | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| Scrúdaigh | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste |
| Fiosraigh | dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Iniúch | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| Léirmhínigh | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| Cosain | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| Ullmhaigh | rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair |
| Cuir i láthair | smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú |
| Mol | plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas |
| Mol (comhairligh) | rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir áirithe |
| Aithin | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) a shainaithint chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint |
| Ceangail | rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt |
| Luaigh | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| Tabhair le fios | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| Tuig | corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| Úsáid | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |
| Deimhnigh | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |